Cuntas Leithreasa 2022

# Vóta 18

# An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 ar thuarastail agus costais na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2022, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2021, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas €7.323 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Le linn na tréimhse cuntasaíochta dar chríoch an 31 Nollaig 2022, d'oibrigh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte mar oifig státseirbhíse ar leith faoi choimirce na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Bunús leis an táille ar sheirbhísí***

Gearrann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte táille sheirbhíse i leith a seirbhís*í acmhainní daonna* agus riarachán pinsean. Tá cuid de na costais oibriúcháin do 2022 dáilte ag an táille sheirbhíse ar bhonn pro rata i measc gach comhlachta earnála poiblí ar freastalaíodh orthu, bunaithe ar líon na bhfostaithe atá acu. Iompraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte an fuílleach.

***Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt***

Áirítear mar chuid de nóta 2.1 Sócmhainní Caipitil caiteachas caipitil maidir le forbairt córas Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais (SCBA) ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Ní dhéantar caipitliú ar chostais foirne, ar chostais comhpháirtithe seirbhíse cliaint ná ar fhorchostais a thabhaítear mar chuid d'fhorbairt an chórais.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Oifigeach Cuntasaíochta. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus coinnítear athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Rinneadh nósanna imeachta a thaifeadadh le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin ós rud é gur sholáthair an Roinn Airgeadais seirbhísí idirbheart airgeadais ar bhonn comhroinnte do Vóta 18 go dtí mí Aibreáin 2022.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus, go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na réamhaisnéisí
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

### *Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca*

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le pearsana a bhfuil an oiliúint chuí faighte acu. Oibríonn aonad iniúchóireachta inmheánaí na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam féin. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte bonn eolais faoi obair na feidhme agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchóireacht inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena cinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

### *Soláthar*

Deimhním go gcinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ann ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú maidir leis na treoirlínte ábhartha uile.

Tá mionsonraí maidir le ceithre chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i leith chiorclán 40/2002 curtha ar fáil ag an Oifig don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

### *Creat riosca agus rialaithe*

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus rinneadh iad sin a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear leis an gclár rioscaí na rialuithe agus na bearta a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú rialuithe a shanntar do bhaill foirne shonracha.

### *Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach*

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus ar easnaimh rialaithe. Cuirtear iad sin in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar na bainisteoirí sinsearacha laistigh den Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Tuarascálacha dearbhaithe ar rialuithe ag eagraíocht seirbhíse***

Chuir mé próiseas iniúchóireachta i bhfeidhm chun dearbhú neamhspleách a sholáthar maidir le hoibriú rialuithe a bhaineann le soláthar seirbhísí ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Déanann iniúchóirí neamhspleácha na hiniúchtaí de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Rannpháirtíocht Dearbhaithe (ISAE 3402) *Tuarascálacha Dearbhaithe ar Rialuithe ag Eagraíocht Seirbhíse*.

Bhain Seirbhísí Acmhainní Daonna agus Párolla deimhniú ISAE de Chineál II amach in 2023, bunaithe ar thástáil a rinneadh in 2022. Leis sin, tugtar an dearbhú dom gur baineadh amach na cuspóirí rialaithe agus gur oibríodh go héifeachtach iad i rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú. Bhain Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais deimhniú ISAE de Chineál I amach in 2023, bunaithe ar thástáil a rinneadh in 2022. Leis sin, tugtar dearbhú dom maidir le dearadh rialuithe.

***Ró-íocaíochtaí***

Rinneadh ró-íocaíochtaí le foireann chliaint in 2022, a raibh an bhunchúis leo inchurtha i leith na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, i 911 chás (2021: 520 cás) dar luach measta €1,034,151 (2021: €599,337). Is ionann é sin agus 25% in 2022 (2021: 17%) de luach airgeadais na ró-íocaíochtaí uile agus is ionann é agus 20% in 2022 (2021: 15%) de mhéid na gcásanna ró-íocaíochta ar fad.

Leanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ag tabhairt aghaidh ar na ró-íocaíochtaí is inchurtha i leith na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte trí fheabhsú agus uathoibriú próisis agus trí thuairisciú agus monatóireacht níos fearr ó cheann ceann.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2022 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Déanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte athbhreithniú agus cur chun feidhme leanúnach ar mholtaí ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ón bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí chun an timpeallacht rialaithe a neartú, go háirithe maidir leo seo: ró-íocaíochtaí párolla; teicneolaíocht faisnéise; calaois agus leochaileacht; taisteal agus cothú; agus aoisliúntas agus pinsin.

***Saincheisteanna rialaithe Covid-19***

Mar thoradh ar theacht phaindéim Covid-19, rinneadh roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe, agus formhór na mball foirne san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ag aistriú chuig an gcianobair de réir na comhairle sláinte poiblí. Maidir le hathruithe ar rialuithe nós imeachta agus ar rialuithe inmheánacha chun a áirithiú go leanann siad de bheith ag feidhmiú go héifeachtach i dtimpeallacht chianoibre, a glacadh go luath in 2020 tar éis athbhreithniú aonuaire a dhéanamh ar thionchar Covid-19, lean siad ar aghaidh ag feidhmiú le haghaidh 2022 nuair a d'aistrigh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chuig samhail oibre chumaisc.

Faoi chreat riosca agus rialaithe na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, leanadh de mheasúnuithe riosca rialta le linn 2022, lena n-áirítear tionchar na hoibre cumaisc ar an timpeallacht rialaithe, agus an t-eolas is deireanaí á thabhairt don Bhord Bainistíochta agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Deimhním go bhfuil na rialuithe, idir na rialuithe a bhí ann cheana féin agus na cinn a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19, éifeachtach fós.

**Hilary Murphy-Fagan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

30 Márta 2023

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le hOifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

***Dul chun cinn le Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais***

I gCaibidil 6 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí don bhliain 2022 déantar athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le forbairt agus leathadh amach an chórais um Sheirbhísí Comhroinnte um Bainistíocht Airgeadais (FMSS) chuig cliantchomhlachtaí seirbhíse poiblí.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

## Cuntas Leithreasa 2022

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastachá in | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Feidhm na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 39,682 | 30,757 | 35,290 |
| B | Seirbhísí Comhroinnte Acmhainní Daonna | 10,059 | 9,909 | 9,602 |
| C | Seirbhísí Comhroinnte Párolla | 12,987 | 13,477 | 12,821 |
| D | Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 10,722 | 11,060 | 1,381 |
| **Ollchaiteachas** | | **73,450** | **65,203** | **59,094** |
| | *Lúide* | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **6,358** | **6,634** | **6,438** |
| **Glanchaiteachas** | | **67,092** | **58,569** | **52,656** |

**Barrachas**

Is ionann an barrachas agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime a caitheadh atá faoi dhliteanas lena géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar gach cuid nó aon chuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt ar aghaidh lena caitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €1.2 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil le gnéithe caipitil fho-mhírcheann A.3 ar aghaidh go 2023.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 8,523,412 | 4,365,604 |
| Géilleadh iarchurtha | (1,200,000) | — |
| **Barrachas le géilleadh** | **7,323,412** | **4,365,604** |

**Hilary Murphy-Fagan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

30 Márta 2023

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 5,675 | 15,174 |
| Pá | | 35,157 | 30,653 |
| Neamhphá | | 24,371 | 13,267 |
| **Ollchaiteachas** | | **65,203** | **59,094** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **6,634** | **6,438** |
| **Glanchaiteachas** | | **58,569** | **52,656** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (3,827) | | |
| Dímheas | 2,603 | (1,224) | (5,743) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | (370) | | |
| Laghdú ar fhardail | 29 | (341) | (1,253) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **57,004** | **45,660** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | (10,224) | (9,368) |
| Measchíosanna | | 1,758 | 1,758 |
| **Glanchostas an chláir** | | **48,538** | **38,050** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 18 a tabhaíodh in áit eile, agus costais a thabhaigh Vóta 18 maidir le vótaí eile.

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 63 | 150 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 43 | 30 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 1,077 | — |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,022 | 2,270 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 1,001 | 928 |
| Costas cionroinnte na seirbhísí comhroinnte do Vótaí eile | | (14,430) | (12,746) |
| Glanchostas na seirbhísí comhroinnte a sholáthraítear do Vótaí eile | | **(10,224)** | **(9,368)** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

| | Nóta | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 29,454 | 28,639 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 3,406 | 9,203 |
| Fardail | 2.3 | — | 29 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 5,961 | 4,824 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 670 | 601 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.9 | 292 | 1,460 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **10,329** | **16,117** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | 2.6 | 1,242 | 884 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 1,962 | 1,619 |
| Maoiniú cliaint/iarmhéideanna airleacan | 2.8 | 2,406 | 9,645 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **5,610** | **12,148** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 4,719 | 3,969 |
| **Glansócmhainní** | | **34,173** | **32,608** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.10 | **34,173** | **32,608** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Bogearraí agus trealamh TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022 | 25,217 | 31 | 27,478 | 52,726 |
| Breiseanna | 784 | — | 2,634 | 3,418 |
| Sócmhainní a tugadh chun úsáide [a] | 29,040 | | (29,040) | — |
| Coigeartú [b] | 4,615 | — | — | 4,615 |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022 | 59,656 | 31 | 1,072 | 60,759 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022 | 24,060 | 27 | — | 24,087 |
| Dímheas don bhliain | 2,600 | 3 | — | 2,603 |
| Coigeartú [b] | 4,615 | — | — | 4,615 |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022 | 31,275 | 30 | — | 31,305 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022** | **28,381** | **1** | **1,072** | **29,454** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021 | 1,157 | 4 | 27,478 | 28,639 |

Nótaí
a Is leis an tionscadal SCBA amháin a bhaineann na sócmhainní a tugadh chun úsáide sa bhliain.
b Baineann an figiúr coigeartaithe le caiteachas SCBA sna blianta roimhe sin agus a aithnítear mar shócmhainní caipitil sa bhliain reatha.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 1,001 | (439) |
| Iarmhéideanna bainc arna maoiniú ag cliaint | 2,405 | 9,642 |
| | **3,406** | **9,203** |

## 2.3 Fardail

| ag an 31 Nollaig | 2022 [a] | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | — | 22 |
| Ábhair inchaite chur chun cinn | — | 7 |
| | — | **29** |

Nóta [a] Ag tosú in 2022, gearrtar costas iomlán ar mhíreanna ard-toirte, íseal-luacha sa bhliain, agus ní aicmítear iad a thuilleadh mar mhíreanna fardail.

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 [a] |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 4,943 | 4,670 |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 912 | — |
| Réamhíocaíochtaí eile | 106 | 154 |
| | **5,961** | **4,824** |

Nóta [a] Rinneadh réamhíocaíochtaí 2021 a athaicmiú.

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais in-fhorchúitithe i leith an chórais bainistíochta acmhainní daonna | 585 | 534 |
| Caiteachas ar an scéim pas taistil | 60 | 57 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 15 | — |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 10 | 10 |
| | **670** | **601** |

## 2.6 Costais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 [a] |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 515 | — |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 494 | 23 |
| Táillí bainc | 75 | 75 |
| Fabhruithe eile | 110 | 99 |
| Saoráidí | 41 | 92 |
| Tionscadal SCBA | 7 | 595 |
| | **1,242** | **884** |

Nóta [a] Rinneadh fabhruithe 2021 a athaicmiú.

## 2.7 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 679 | 471 |
| Cáin ioncaim | 418 | 340 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 402 | 332 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 121 | 93 |
| Cáin bhreisluacha | 110 | 61 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 86 | 70 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | — | 95 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 3 | 3 |
| | 1,819 | 1,465 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 143 | 154 |
| | **1,962** | **1,619** |

## 2.8 Maoiniú cliant/iarmhéideanna airleacan

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte feidhm seirbhísí comhroinnte párolla do roinnt ranna, oifigí agus gníomhaireachtaí Rialtais.

Is é atá sa tsuim €2.405 milliún a sealbhaíodh thar ceann cliant amhail an 31 Nollaig 2022 (2021: €9.645 milliún) ná €1.291 milliún (2021: €9.556 milliún) a thaisc cliaint faoi choinne maoiniú tuarastal le linn thréimhse na bliana nuaí a chlúdach agus €1.114 milliún (2021: €89,000) a bhain le suimeanna atá dlite do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí tríú páirtí.

Phróiseáil an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte íocaíochtaí olltuarastail agus taistil agus cothaithe arbh fhiú €6.3 billiún san iomlán iad in 2022 (2021: €5.9 billiún).

## 2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 7,323 | 4,366 |
| Géilleadh iarchurtha | 1,200 | — |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (8,815) | (5,826) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **(292)** | **(1,460)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 3,406 | 9,203 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 670 | 601 |
| | 4,076 | 9,804 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,819) | (1,465) |
| Maoiniú cliant/iarmhéideanna airleacan | (2,406) | (9,645) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (143) | (154) |
| | (4,368) | (11,264) |
| | **(292)** | **(1,460)** |

## 2.10 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 32,608 | 25,612 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 67,092 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (1,200) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (7,323) | | |
| Glanvóta | | | 58,569 | 52,656 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | (10.224) | (9,368) |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | | | 1,758 | 1,758 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (48,538) | (38,050) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **34,173** | **32,608** |

## 2.11 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais dhomhanda** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 3,277 | 3,603 |
| Tionscadail chaipitil | 10,362 | 12,048 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **13,639** | **15,651** |

**b) Mórthionscadail chaipitil**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021 | Caiteachas in 2022 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas ionchais iomlán thar shaolré an tionscadail 2022 | Caiteachas ionchais iomlán thar shaolré an tionscadail 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Tionscadal** | | | | | |
| Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais | 32,405 | 1,726 | 10,362 | 44,493 | 44,453 |
| | **32,405** | **1,726** | **10,362** | **44,493** | **44,453** |

## 2.12 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh urscaoilte ag an deireadh bliana | **71** | **84** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár chun costais iomlána clár a chur i láthair.

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 37,685 | 35,157 | 30,653 |
| ii | Taisteal agus cothú | 405 | 73 | 17 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | 535 | 722 | 433 |
| iv | Seirbhísí gairmiúla, comhairleoireachta agus eile | 12,824 | 19,131 | 7,001 |
| v | Costais oibriúcháin | 330 | 763 | 889 |
| vi | Costais sócmhainne agus trealaimh | 2,000 | 2,831 | 3,712 |
| vii | Costais áitribh agus chóiríochta | 820 | 467 | 499 |
| viii | Costais chumarsáide agus mhargaíochta | 572 | 384 | 716 |
| | | **55,171** | **59,528** | **43,920** |

Nóta Rinneadh athaicmiú ar chaiteachas riaracháin 2021. Rinneadh na hathruithe ar na fo-mhírchinn riaracháin chun an chairt trasrialtais aonair nua de chuntais le haghaidh na vótaí go léir a éascú.

### Difríochtaí suntasacha

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (níos mó ná +/- 25% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí costais riaracháin €4.357 milliún níos mó ná mar a soláthraíodh ar dtús. Is é caiteachas méadaithe a bhaineann le TFC is cúis leis sin den chuid is mó.

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €405,000; toradh €73,000*

Ba é ba chúis leis an ngannchaitheamh €332,000, den chuid is mó, ná go raibh níos mó cruinnithe á reáchtáil ar bhonn fíorúil mar gheall ar an taisteal ciorraithe atá fós ar siúl ag paindéim Covid-19 idir áiteanna.

**iii Oiliúint agus forbairt**

*Soláthar meastacháin €535,000; toradh €722,000*

Tá breis caiteachais de €187,000 á stiúradh go príomha ag oiliúint bhreise ar bhaill foirne nua agus ar bhaill foirne atá ann cheana thar réimse réimsí agus bhí ONSC in ann an caiteachas riachtanach a chlúdach laistigh dá leithdháileadh iomlán foriomlán don bhliain, trí choigilteas ar oibríochtaí reatha agus trí ghannchaitheamh ar an SCBA.

**iv Seirbhísí gairmiúla, comhairleoireachta agus eile**

*Soláthar meastacháin €12.824 milliún; toradh €19.131 milliún*

Tá an farasbarr caiteachais de €6.307 milliún á spreagadh go príomha ag caiteachas méadaithe ar chostais TF fiontair, lena n-áirítear tacaíocht sheachtrach TF bhreise agus costais tacaíochta beo gan choinne le haghaidh seirbhísí comhroinnte airgeadais. Cé nár áiríodh é sin sa leithdháileadh athbhreithnithe do 2022, bhí ONSC in ann an caiteachas riachtanach a chumhdach laistigh dá leithdháileadh iomlán foriomlán don bhliain, trí choigilteas ar oibríochtaí reatha agus trí ghannchaitheamh ar an SCBA.

**v Costais oibriúcháin**

*Soláthar meastacháin €330,000; toradh €763,000*

Baineann an farasbarr caiteachais de €433,000 le táillí bainc a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis agus le tobhach HRMS de chuid ONSC a athaicmíodh le linn na bliana. Cé nár áiríodh é sin sa leithdháileadh athbhreithnithe do 2022, bhí ONSC in ann an caiteachas riachtanach a chumhdach laistigh dá leithdháileadh iomlán foriomlán don bhliain, trí choigilteas ar oibríochtaí reatha agus trí ghannchaitheamh ar an SCBA.

**vi Costais sócmhainne agus trealaimh**

*Soláthar meastacháin €2 mhilliún; toradh €2.831 milliún*

Tá an farasbarr caiteachais de €831,000 thar an leithdháileadh á spreagadh go príomha ag ceannach crua-earraí TFC breise a theastaíonn chun tacú le córais chriticiúla i dtimpeallacht oibre cumaisc. Cé nár áiríodh é sin sa leithdháileadh athbhreithnithe do 2022, bhí ONSC in ann an caiteachas riachtanach a chumhdach laistigh dá leithdháileadh iomlán foriomlán don bhliain, trí choigilteas ar oibríochtaí reatha agus trí ghannchaitheamh ar an SCBA.

**vii Costais áitribh agus chóiríochta**

*Soláthar meastacháin €820,000; toradh €467,000*

Laghdaigh paindéim leanúnach Covid-19 na costais reatha, agus níor tharla caiteachas ar oibreacha caipitil/foirgnimh oifige mar a bhí beartaithe, rud ba chúis le coigilteas €353,000.

**viii Costais chumarsáide agus mhargaíochta**

*Soláthar meastacháin €572,000; toradh €384,000*

Laghdaigh paindéim leanúnach Covid-19 na costais chumarsáide imeachtaí, rud ba chúis le gannchaiteachas €188,000. Cé gur cuireadh tús arís le himeachtaí i bpearsa ó lár 2022 ar aghaidh, níor tharla siad ar an scála a rabhthas ag súil leis.

## Clár A Feidhm na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 12,060 | 9,864 | 9,022 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 9,343 | 15,218 | 11,094 |
| A.3 | Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais | 18,279 | 5,675 | 15,174 |
| | | **39,682** | **30,757** | **35,290** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí costais Chlár A €8.925 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh ar dtús.

**A.1 Riarachán – pá**

*Soláthar meastacháin €12.06 milliún; toradh €9.864 milliún*

Tharla gannchaitheamh 2022 mar gheall ar ráta ard folúntas i dtús na bliana.

**A.2 Riarachán – neamhphá**

*Soláthar meastacháin €9.343 milliún; toradh €15.218 milliún*

Is iad na costais a bhaineann le huasghrádú na gcóras TF agus an gá atá ann le haghaidh a thabhairt ar rioscaí criticiúla TF is mó is cúis leis an bhfarasbarr caiteachais thar an leithdháileadh. Cé nár áiríodh na costais sin sa leithdháileadh athbhreithnithe do 2022, bhí ONSC in ann an caiteachas riachtanach a chumhdach laistigh dá leithdháileadh iomlán don bhliain, trí choigilteas ar oibríochtaí reatha agus trí ghannchaitheamh ar an SCBA.

**A.3 Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais (SCBA)**

*Soláthar meastacháin €18.279 milliún; toradh €5.675 milliún*

Cuireadh an amlíne le haghaidh imscaradh an SCBA agus le haghaidh thús gaolmhar oibríochtaí Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais siar ó dheireadh R4 2021 go tús R2 2022 agus, mar thoradh air sin, bhí caiteachas tionscadail in 2022 €12.6 milliún níos lú ná mar a bhí beartaithe ar dtús, ós rud é go ndearnadh íocaíochtaí a ailíniú le garspriocanna an tionscadail.

## Clár B Seirbhísí Comhroinnte Acmhainní Daonna

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastachá in | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | 9,904 | 9,772 | 9,434 |
| B.2 | Riarachán − neamhphá | 155 | 137 | 168 |
| | | **10,059** | **9,909** | **9,602** |

## Clár C Seirbhísí Comhroinnte Párolla

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastachá in | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | 12,237 | 12,292 | 11,979 |
| C.2 | Riarachán − neamhphá | 750 | 1,185 | 842 |
| | | **12,987** | **13,477** | **12,821** |

## Clár D Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastac háin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | 3,484 | 3,229 | 218 |
| D.2 | Riarachán − neamhphá | 7,238 | 7,831 | 1,163 |
| | | **10,722** | **11,060** | **1,381** |

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Tobhach ar sheirbhísí acmhainní daonna | 5,718 | 5,718 | 5,567 |
| 2 | Ilghnéitheach | 200 | 342 | 397 |
| 3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair | 440 | 574 | 474 |
| | **Iomlán** | **6,358** | **6,634** | **6,438** |

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €276,000 níos airde ná mar a réamh-mheasadh.

**2 Ilghnéitheach**

*Meastachán €200,000; réadaithe €342,000*

Bhí fáltais ilghnéitheacha, lena n-áirítear saoire mháithreachais agus fáltais pá breoiteachta, níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

**3 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair**

*Meastachán €440,000; réadaithe €574,000*

Bhí fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí níos airde ná an phróifíl den chuid is mó mar thoradh ar an gcomhaontú ‘Building Momentum’ agus mar thoradh ar mhéadú ar líon foirne.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **829** | **731** |

### 5.2 Pá

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 31,956 | 29,445 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 36 | 39 |
| Liúntais eile | 21 | 31 |
| Ragobair | 889 | 418 |
| ÁSPC an Fhostóra | 3,123 | 2,788 |
| **Pá iomlán** | **36,025** | **32,721** |

Nóta: Is iad na rátaí arda folúntas go luath in 2022 agus an méid breise oibre párolla a bhaineann leis an gcomhaontú 'Building Momentum' is mó a spreag an méadú ar chaiteachas ragoibre.

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2022** | **2021** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 10 | — | 7,659 | 6,714 |
| Liúntais eile | 5 | — | 7,120 | 23,744 |
| Ragobair | 404 | 15 | 30,837 | 12,471 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 4 | — | 9,456 | 9,180 |

## 5.4 Soláthar foirne na hOifige de réir banda pá

Seo a leanas líon na bhfostaithe de chuid na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 suas go €189,999.

| **Bandaí pá (€)** | | **Líon fostaithe** | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2022** | **2021** |
| 20,000 | 59,999 | 649 | 690 |
| 60,000 | 69,999 | 27 | 17 |
| 70,000 | 79,999 | 20 | 20 |
| 80,000 | 89,999 | 16 | 12 |
| 90,000 | 99,999 | 10 | 3 |
| 100,000 | 109,999 | 4 | 5 |
| 110,000 | 119,999 | 3 | — |
| 120,000 | 129,999 | — | — |
| 130,000 | 139,999 | — | — |
| 140,000 | 149,999 | — | 1 |
| 150,000 | 159,999 | 1 | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 1 | 1 |
| 170,000 | 179,999 | 1 | 1 |
| 180,000 | 189,999 | 1 | — |

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2022** €000 | **2021** €000 |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 26 | 47 | 36 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 9 | 16 | 26 |

Aistríodh trí phlean aisghabhála ró-íocaíochta dar luach €706 chuig ranna eile le linn 2022 (2021: triúr aonair lenar bhain pleananna dar luach €3,727).

## 5.6 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais.

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Bunphá | 183 | 177 |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse áirithe thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina comhalta den scéim aoisliúntais d'fhostaithe neamhbhunaithe Stáit agus ní théann a teidlíochtaí i leith sochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Géilleadh iarchurtha

| | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|
| **Cur síos ar an bhfo-mhírcheann** | | |
| A.3 Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais | 1,200 | — |

### 6.2 Maoiniú ó AE

| | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|
| **Cur síos ar an bhfo-mhírcheann** | | |
| E.2 Ilghnéitheach | — | 133 |

### 6.3 Nithe a díscríobhadh

| | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna na gcuntas ar fionraí – glanmhíreanna oidhreachta | — | 1 |

### 6.4 An Clár Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais

B’ionann an caiteachas carnach go dtí seo ar an gclár Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais (SCBA) agus €73.037 milliún (CBL san áireamh) amhail an 31 Nollaig 2022 (2021: €67.362 milliún). Is é €115 mhilliún an buiséad ceadaithe don tionscadal SCBA.

Tá €36.484 milliún den chaiteachas go dtí deireadh 2022 aicmithe mar chaiteachas caipitil. Áirítear leis sin €29.040 milliún ar shócmhainní a tugadh chun úsáide sa bhliain, €4.615 milliún a bhaineann le caiteachas SCBA sna blianta roimhe sin agus a sainaithníodh mar shócmhainní caipitil sa bhliain reatha agus €769,000 breise ar shócmhainní a caipitlíodh ar leithligh. Áirítear leis freisin €2.056 milliún ar chaiteachas oiriúnach oifige nach gcaipitlítear sa chuntas seo.

Tá an t-iarmhéid de €36.553 milliún aicmithe mar chaiteachas reatha agus baineann sé le costais foirne, le costais comhpháirtithe seirbhíse cliaint agus le costais oibriúcháin eile.